

- | | | |
|----|---|--|
| 1. | Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Léigh mé leabhar iontach.</i>
Cá ndeachaigh tú?
<i>Chuaigh mé go Páirc Balboa.</i>
Cad a chonaic tú?
<i>Chonaic mé mo thuismitheoirí.</i> | What did you do this week?
<i>I read a wonderful book.</i>
Where did you go?
<i>I went to Balboa Park.</i>
What did you see?
<i>I saw my parents.</i> |
| 2. | Conas a bhí an aimsir an tseachtain seo?
<i>Bhí sé ag stealladh báistí.</i> | How was the weather this week?
<i>It was pouring rain.</i> |
| 3. | Céin saghas aimsire is fearr leat?
<i>Is breá liom aimsir fuar fliuch.</i> | What's your favorite type of weather?
<i>I love cold, wet weather.</i> |

Amhrán na Mara (Úna Levy)

Song of the Sea

- | | |
|--|---|
| 1. Éalaíonn Ben amach as an seomra leapa. | Ben slipped out of the bedroom. |
| 2. Tá rún aige filleadh ar theach an tsolais. | He intended to return to the lighthouse. |
| 3. Ach cloiseann Saoirse é agus leanann sí a deartháir amach ar na sráideanna. | But Saoirse hears him and she follows her brother out onto the streets. |
| 4. Nuair a sheiceálann Ben a léarscáil, mothaíonn sé í ag análú síos a mhuineál. | When Ben checks his map, he feels her breathing down his neck. |
| 5. Ordaíonn Ben di fanacht sa teach ach diúltaíonn Saoirse. | Ben orders her to stay in the house but Saoirse refuses. |
| 6. Bíonn sé ina throid eatarthu. | There's a fight between them. |
| 7. Ní shocraítear an cheist go dtí go gciceálann Saoirse a deartháir sa lorga. | They don't settle the question until Saoirse kicks her brother in the shin. |
| 8. Níl de rogha ag Ben ach í a thabhairt leis. | Ben has no choice but to take her with him. |
| 9. Ceanglaíonn sé iall Chú léi le nach mbeidh sí ábalta níos mó trioblóide a chothú. | He ties Cu's leash to her so that she won't be able to cause more trouble. |
| 10. Agus Ben ag iarraidh a bhealach a dhéanamh amach as an chathair, | As Ben tries to make his way out of the city, |
| 11. baineann Saoirse ceol as an sliogán, ag seinm Amhrán na Mara nóta amháin ag an am. | Saoirse plays music on the shell, playing The Song of the Sea one note at a time. |
| 12. Ansin gan choinne nochtar na páistí Bob nó Breab os a gcomhair. | Then without warning the Trick-or-Treaters show up before them. |
| 13. Tá lúcháir ar an trí neach aisteach go bhfuil 'an banrón deireanach' aimsithe acu. | The three strange beings are happy that they have found the "last selkie". |

- | | |
|--|---|
| 14. Beireann siad ar Shaoirse agus ritheann siad léi ar ais chuig a n-áit folaithe i bhfásra an timpealláin. | They take hold of Saoirse and they run with her back to their hiding place in the vegetation of the roundabout. |
| 15. Tarraingítear Ben, atá fós ceangailte le Saoirse, ina ndiaidh, é ag screadaíl. | Ben, who is still tied to Saoirse, is pulled after them screaming. |
| 16. Is beag nach maraítear é nuair a roptar tríd an trácht é chuig an timpeallán. | He is almost killed when they dash him through the traffic to the roundabout. |
| 17. Aimsíonn sé slí isteach ach tá an iall briste ag an doras. | He finds a way in, but the leash is broken at the door. |
| 18. Osclaíonn sé é agus téaltaíonn isteach. | He opens it and sneaks inside. |
| 19. Istigh, foghlaimíonn Ben an fhírinne faoi na páistí Bob nó Breab. | Inside, Ben learns the truth about the truth about the Tick-or-Treaters. |
| 20. Is síoga iad agus ceoltóirí iontacha lena chois, darbh ainm Lug, Mossy agus Spud. | They are fairies and wonderful musicians as well, named Lug, Mossy and Spud. |
| 21. Creideann siad gur banrón í Saoirse agus go gcanfaidh sí amhrán a shaoródh an slua sí ó Chailleach ghránna na nUlchabhán, Macha. | They believe that Saoirse is a selkie and that she will sing a song that would free the fairies from the wicked Witch of the Owls, Macha. |
| 22. I ndiaidh dóibh cúpla amhrán spraoi faoina gcuid eachtraí a chasadh, iarrann siad ar Shaoirse a hamhrán féin a chanadh. | After they sing a few fun songs about their adventures, they ask Saoirse to sing her own song. |
| 23. Cuireann siad cóta millte Mhamó thar a guaillí is fanann siad ar a ceol. | They put Grandma’s worn-out coat over her shoulders and they wait for her music. |
| 24. “Níl sí in ann canadh, níl caint aici fiú,” arsa Ben ag siúl amach ina láthair. | “She can’t sing, she can’t event talk,” said Ben walking out to them. |

Ceisteanna

Questions

- | | |
|--|--|
| 1. Cá bhfuil Ben ag iarraidh dul? | Where is Ben trying to go? |
| 2. Cé a leanann é? | Who follows him? |
| 3. An bhfuil a fhios ag Ben go bhfuil duine éigin dá leanúint? | Does Ben know that someone is following him? |
| 4. Cad a dhéanann Saoirse do Bhen? | What does Saoirse do to Ben? |
| 5. Cad a dhéanann Ben le h-iall Chú? | What does Ben do with Cú's leash? |
| 6. Cad a tharlaíonn nuair a chasann Saoirse ceoil ar an sliogán? | What happens when Saoirse plays music on the shell? |
| 7. Cad a cheapann na páistí Bob nó Breab? | What do the Trick-or-Treaters think? |
| 8. Cad a dhéanann siad le Saoirse? | What do they do with Saoirse? |
| 9. Cad a tharlaíonn do Bhean? | What happens to Ben? |
| 10. Cá dtéann siad? | Where do they go? |
| 11. Cad iad na páistí Bob nó Breab i ndáiríre? | What are the Trick-or-Treaters, really? |
| 12. Cad atá na páistí Bob nó Breab ag iarraidh ó Shaoirse? | What are the Trick-or-Treaters wanting from Saoirse? |